

# Smaoinigh ar Bhruitíneach

## Ní gríos beag amháin atá i gceist

Is féidir leis an mbruitíneach a bheith baolach, go háirithe do leanaí agus do pháistí óga, do mhná torracha agus do dhaoine a bhfuil córas imdhíonach lag acu.

### Tá an bhruitíneach an-tógálach

Scaipeann an bhruitíneach tríd an aer nuair a ligeann duine atá ionfhabhtaithe léi casacht nó sraoth. Is féidir léi scaipeadh go tapa agus go héasca in áiteanna gnóthacha nó plódaithe.

### De ghnáth, is iad seo a leanas siomptóim na bruitíní:

- › Fiabhras ard a d'fhéadfadh thart ar 40 céim Celsius a bhaint amach
- › Casacht agus srón ag sileadh
- › Súile nimhneacha/dearga
- › Easpa goile
- › Tuirse, cantal agus easpa fuinnimh i gcoitinne
- › Gríos – is iondúil go mbíonn sé le feiceáil ar an gceann agus ar an muineál ar dtús sula scaipeann sé go dtí an chuid eile den chorp



## Tá sé de chumhacht agat tú féin agus do theaghlach a chosaint.

Faigh cosaint shábháilte agus bhuanseasmhach i gcoinne na bruitíní trína chinntiú go bhfuil an dá dháileog mholta den vacsaín MMR (bruitíneach-leicneach-rubella) agat féin agus ag do theaghlach.

Níl sé rómhall riamh teacht suas – labhair le do dhochtúir nó le d'oibrí sláinte FSS maidir le do vacsaín MMR chúitimh **saor in aisce** a fháil.

Tá tuilleadh eolais faoin mbruitíneach agus an vacsaín MMR ar fáil ag [hse.ie/measles](http://hse.ie/measles)

